GX1247

OLLSCOIL NAISIUNTA NAhEIREANN, GAILLIMH
TRIU BLIAN

HI399: Ag Teacht Ar Stair na mBan san Eorap 1700-1939: Bealaigh Éagsúla

An Dr Seán Duffy
An tOllamh Nicholas Canny
An Dr. Caitriona Clear

AM: **DHÁ** uair a chloig
Freagraígí **TRÍ** Cheist

1. 'Réabhlóid mar chearta agus réabhlóid mar mháithreachas – bhí an dá bhrí chomhsheasmhach lena chéile ach i dteannas lena chéile ag an am chéanna [san ochtú aois déag]' (Bonnie Smith), Pléigh é seo, ag tagairt do ghníomhaíocht poiblí na mban san aois seo.

2. '...tá an bean a'tí basctha, tachta agus íslithe ag mion-obair an tí, ceangailte don chistin agus don naoíonra, a cuid fuinnimh curtha amú ar sclábhaíocht coscrach agus neamh-thorthúil.' (Lenin, 1919). B'shin gnáth-dhearcadh réabhlóideach ar obair an tí – meas tú an bhfuil aon fónamh ag baint leis, i dtaobh athraithe agus leanúintí san obair seo thar an tréimhse 1780-1914?

3. 'Dar le iarshearbhónta fireann, b'ionann an searbhóntas tí agus bheith "mar éinín in éanadan. Tá a dhóthan bí agus tithíocht den scoth aige, ach tá sé i ngéibheann" ' (Simonton). Pléigh seo, ach i gcás searbhóntaí baineann, thar na blianta 1780-1914.

4. Tá an teideal 'Smacht agus Glaineacht' ar an chaibidil a phléann le banaltraí i leabhar Martha Vicinus. Dar leatsa, an achoimre ró-shimplí é seo ar an ghairm altranais mar a éabhlaigh sé san 19ú aois?

5. Déan cursíos ar na príomhfhorbairtí in oideachas baineann sna blianta 1780-1914

6. Dar le Linda Mahood, níl sa téarma 'prostitute', mar a bhaineadh úsáid as sa 19ú aois, ach catagóir cruthaithe acu siúd a sholáthraigh freagraí de shaghas amháin ná de

ar leon)

shaghas eile ar fhadhb an 'Great Social Evil' san Eorap insan dara leath den 19ú aois. An aontaíonn tusa léi, ó thaobh stríapaigh agus a mbeatha sna blianta seo?

7. Cérb iad siúd a thacaigh le reachtú oibre inscnithe, sa bhFrainc agus sa Bhreatain, sna blianta 1870-1914? Cérb iad siúd a chuir ina choinne?

8. Brú gharbh, chruálach, cos ar bolg curtha ar mháithreacha, nó fíorchabhair praiticiúil curtha ar fáil dóibh – dar leatsa, cad a léiríonn is fearr na iarrachtaí curtha ar bun chun mortlaíocht naoínáin a laghdú sna blianta 1890-1914?

9. Dar le Martin Pugh, níorb é an gluaiseacht sufragóireach amháin a bhain amach an vóta sa bhlian 1918. Pléigh an dearcadh seo, ó thaobh baint na mban sa pholataíocht ó na 1860í go dtí 1914.

10. Céard ab iad 'ceisteanna a bhain le mná' sna blianta 1919-1939, agus cé a dheifnigh mar seo iad?